

Lúil 2023

Tuarascáil arna hullmhú ag Robert Keane,
Chelsea Arten, Bernie O'Donoghue Hynes,
Holly Morrin agus Ruairi Hallissey



Rialtas Áitiúil GBRÁ

Sonraí Freagartha

Covid 19



Sonraí a bhaineann leis an Tionscnamh
Glaó Pobail, an Feachtas Fan Folláin,
Acmhainní Leabharlainne ar Líne agus
Tacaíochtaí do Ghnóthais Bheaga

Clár na nÁbhar

Brollach	5
Achoimre Feidhmiúcháin	7
Réamhrá	12
Modheolaíocht	14
Tionscnamh Glao Pobail agus Feachtas Fan Folláin	14
Seirbhísí Leabharlainne Digití	15
Tacaíochtaí Airgeadais do Ghnólachtaí	15
Glao Pobail	16
Cúlra	16
Torthaí	16
Fan Folláin	24
Cúlra	24
Torthaí	24
Seirbhísí Leabharlainne Digití	30
Cúlra	30
Torthaí	30
Tacaíochtaí Airgeadais do Ghnólachtaí	38
Cúlra	38
Tarscaoileadh Rátaí	38
Deontais Atosaithe 2020	39
Deontais do Ghnóthais Bheaga 2021	41
Conclúid	43

Íomhá Clúdaigh: Comhairle Contae Chorcaí Council

Liosta na dTáblaí

Tábla 1 Líon na nglanna gutháin Glao Pobail de réir ábhair	8
Tábla 2 Líon na n-imeachtaí agus rannpháirtithe Fan Folláin	9
Tábla 3 Úsáid seirbhísí leabharlainne digití, roimh COVID-19 agus le linn COVID-19	10
Tábla 4 Tacaíochtaí airgeadais do ghnólachtaí le linn COVID-19	11
Tábla 5 Meánlíon na n-alt nuachtáin a osclaítear in aghaidh na seachtaine, roimh COVID-19 agus le linn COVID-19	32
Tábla 6 Meánlíon na gceachtanna a bhféachtaí orthu in aghaidh na seachtaine, roimh COVID-19 agus le linn COVID-19	34
Tábla 7 Meánlíon na n-iasachtaí ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair in aghaidh na seachtaine, roimh COVID-19 agus le linn COVID-19	36
Tábla 8 Líon na n-iarratas ar dheontais, iarratais ar glacadh leo agus an líon iomlán a bronnadh, Deontais Atosaithe 2020	39
Tábla 9 Líon na n-iarratas ar dheontais, iarratais ar glacadh leo agus an líon iomlán a bronnadh, Deontais do Ghnóthais Bheaga 2021	41
Tábla 10 Líon imeachtaí agus rannpháirtithe Fanacht Gníomhach, Scíth a Ligean agus Fanacht i dTeagmháil	??

Liosta na bhFigiúirí

Figiúr 1 Líon iomlán na nglanna a chuirfí ar údarás áitiúla agus athghlanna a chuireadh údarás áitiúla amach de réir míosa	17
Figiúr 2 Glaonna iomlána de réir catagóire ar fud 31 údarás áitiúla	18
Figiúr 3 Glaonna i dtaobh Bailiú agus Seachadta ar fud 31 údarás áitiúil	19
Figiúr 4 Glaonna i dtaobh Leithlisiú Sóisialta ar fud 31 údarás áitiúil	19
Figiúr 5 Glaonna i dtaobh Seirbhís Béalí ar fud 31 údarás áitiúil	19
Figiúr 6 Glaonna i dtaobh Seirbhís Leighis agus Sláinte ar fud 31 údarás áitiúil	20
Figiúr 7 Glaonna i dtaobh Iarratais Eile ar fud 31 údarás áitiúla	20

Figiúr 8 Líon iomlán na nglanna a chuirtear ar údarás áitiúla de réir údarás áitiúil	21
Figiúr 9 Líon iomlán na gCruinnithe Fóraim ar fud 31 údarás áitiúla, Márta 2020 go Lúnasa 2021	22
Figiúr 10 Líon iomlán na gCruinnithe Fóraim de réir údarás áitiúil	23
Figiúr 11 Líon na n-imeachtaí Fanacht Gníomhach gach seachtain	25
Figiúr 12 Líon na n-imeachtaí Scíth a Ligean, Bí Cruthaitheach, Aire a Thabhairt do do Mhothúcháin ar siúl gach seachtain	26
Figiúr 13 Líon na nImeachtaí Fanacht i dTeagmháil gach seachtain	27
Figiúr 14 Líon na nImeachtaí Fan Folláin de réir údarás áitiúil	28
Figiúr 15 Líon na n-úsáideoirí uathúla, na seisiún agus na nuachtán a d'osclaítear gach seachtain le haghaidh 2020 agus 2021	31
Figiúr 16 Meánlíon na n-alt nuachtáin ar líne a d'osclaítear in aghaidh na seachtaine	32
Figiúr 17 Líon na seisiún logála isteach Cúrsaí ar líne in aghaidh na seachtaine le haghaidh 2020 agus 2021	33
Figiúr 18 Líon na gCeachtanna Cúrsaí ar Líne a bhféachtaí orthu in aghaidh na seachtaine le haghaidh 2020 agus 2021	33
Figiúr 19 Líon na bhFíseán Cúrsaí ar Líne a bhféachtaí orthu in aghaidh na seachtaine le haghaidh 2020 agus 2021	34
Figiúr 20 Obair Cúrsaí ar Líne a chuireadh scoláirí isteach in aghaidh na seachtaine le haghaidh 2020 agus 2021	34
Figiúr 21 Iasachtaí seachtainiúla ríomhleabhar agus ríomh-chlosleabhair le haghaidh 2020 agus 2021	35
Figiúr 22 Meán-seiceálacha amach ríomhirise ceithre seachtaine le haghaidh 2021	37
Figiúr 23 Suimeanna iomlána a d'focadh gach údarás áitiúil le haghaidh Deontas Atosaithe agus Deontas Atosaithe Plus	40
Figiúr 24 Suimeanna iomlána a d'focadh gach údarás áitiúil le haghaidh SBASC agus SBASC+	42

Brollach

Eachtra dhomhanda nach bhfacthas riamh a bhí i bpaindéim COVID-19 a d'éiligh freagairt thapa ón rialtas agus ón bpobal. Is éard a bhí i gceist leis seo athbhreithniú tobann agus suntasach ar an mbealach a ndeachamar i mbun teagmhála lena chéile, ar an mbealach ar bhogamar thart, agus ar an mbealach ar soláthraíodh agus ar úsáideadh seirbhísí. Ba príomhábhar imní don rialtas í an tsláinte phoiblí agus bhain na príomhrialuithe a bhí de dhíth ar dhaoine chun dul i ngleic le gluaiseacht shrianta agus teagmhálacha teoranta. Bhí an tionchar sóisialta agus sochaíoch a bhí mar thoradh air sin thar a bheith suntasach agus bhíodh tacaíocht shuntasach de dhíth ar an bpobal chun dul i ngleic leis an mbealach nua maireachtála agus oibre. Bhí tionchar aige ar an ngeilleagar freisin toisc gur ghá do ghnólachtaí dul i dtaithe ar chúrsaí agus glacadh le rannpháirtíocht dhigiteach agus modhanna níos nuálaí, nuair ab fhéidir, chun cabhrú le custaiméirí chun seirbhísí a úsáid.

Thugadh tuarascálacha roimhe seo léiriú ar fhreagairtí an rialtais áitiúil i dtaobh cleachtas oibre nuálach, amhail an tuarascáil ar Fhorbhreathnú ar Nuálaíochtaí Covid-19 de chuid na nÚdarás Áitiúil a chuir GBRÁ ar fáil in 2020 agus Nuálaíocht Covid-19 sa Rialtas Áitiúil: Sraith Cás-Staidéar ón bhForas Riaracháin, agus Cás-Staidéir ar Nuálaíocht Tithíochta Údarás Áitiúil 2021 ón GBRÁ agus Cás-Staidéir ar Nuálaíocht i Seirbhísí Tithíochta, Ceachtanna ó shamplaí de chleachtas nuálach ón bhForas Riaracháin. Mar sin féin, tá sé d'aidhm ag an tuarascáil seo príomhshonraí a sholáthar a thugann léiriú ar na leibhéil rannpháirtíochta le seirbhísí nua agus oiriúnaithe le linn na paindéime.

Bhí ról lárnach ag rialtas áitiúil maidir le cabhrú leis an bpobal dul i dtaithe ar na hathruithe riachtanacha. Chuir údarás áitiúla, i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, an Tionscnamh Glao Pobail ar fáil, a d'fhéach le tacú le daoine a bhí scoite amach nó a mbíodh tacaíocht phraiticiúil de dhíth orthu chun dul i ngleic le seirbhísí ríthábhachtacha. Bhí daoine aosta, daoine a bhí scoite amach go geografach, agus daoine a raibh fadhbanna bunaidh sláinte acu i mbaol go háirithe ach, mar a léirítear sa tuarascáil seo, bhíodh na línte gutháin tiomnaithe Glao Pobail, a bhunaigh gach údarás áitiúil, ríthábhachtach chun na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil d'fhonn riachtanais ar leith daoine a chomhlíonadh. Tríd an tionscnamh seo fuarthas agus freagraíodh breis agus 70,000 glaoch ar thacaíocht, agus bhíodh 884 cruinniú ag páirtithe leasmhara chun na tacaíochtaí seo a chomhordú agus a bhainistiú trí na Fóraim Phobail a chuir na húdarás áitiúla ar bun agus a stiúir na húdarás áitiúla.

Ina theannta sin, d'fhéach an Tionscnamh Fan Folláin, a bhí á bhainistiú ag údarás áitiúla, le tacú leis an bpobal ar bhealach níos ginearálta ach breis agus 10,000 imeacht a sholáthar a spreag daoine le bheith gníomhach, lena scíth a ligean, agus le bheith cruthaitheach agus le fanacht i dteagmháil lena chéile. San iomlán, bhíodh beagán faoi bhun milliún duine i láthair ag na himeachtaí seo a bhíodh ar siúl sna chéad sé mhí de 2021.

Is acmhainn ríthábhachtach de chuid an phobail iad leabharlanna le fada an lá agus bhídís ar thús cadhnaíochta maidir le seirbhísí a sholáthar le linn na paindéime, in ainneoin go raibh cosc ar rochtain a sholáthar ar fhoirgnimh ar feadh cuid mhór den tréimhse. Rinne leabharlanna éascaíocht ar mhéadú ollmhór i dtaobh soláthar táirgí digiteacha saor in aisce. Bhíodh tuairim is 10,000 seiceáil amach ríomhirise gach seachtain agus tháinig ardú ar an éileamh ar ríomhleabhair agus ar ríomh-chlosleabhair ó 7,500 agus 10,500 faoi seach in aghaidh na seachtaine go dtí an líon ab airde, is é sin, 25,000 agus 30,000 in aon seachtain amháin. Tháinig méadú ar líon na n-alt nuachtáin a léití ar líne ó mheánlíon seachtainiúil de 580,000 go dtí an leibhéal ab airde de bheagnach 6 mhilliún i seachtain amháin nuair ba mheasa a bhí an phaindéim.

Ar an gcuma chéanna, agus go tábhachtach, tháinig méadú ar rannpháirtíocht i dtaobh cúrsaí ar líne. Tháinig méadú ar mheánlíon na gceachtanna a d'osclaítí ó 3,000 in aghaidh na seachtaine roimh an bpaindéim, go dtí 24,000 in aghaidh na seachtaine nuair ba mhó a bhí an t-éileamh i seachtain in Aibreán 2020.


Bhí cianobair (mar gheall ar shríon ar úsáid spásanna comhchoiteann laistigh) ar cheann de na hathruithe b'fheiceálaí agus ba shuntasá ar ghlac an earnáil phoiblí agus phríobháideach araon léi go tapa. Is minic a d'fhágadh an t-athrú seo go mbíodh bánú ann i réimsí gníomhaíochta geilleagracha a bhíodh spleodrach roimhe seo, lár na cathrach agus lár an bhaile agus limistéir thionsclaíocha, cuir i gcás, agus tháinig méadú ag an am céanna ar an éileamh ar sheirbhísí a bhíodh dírithe ar bhonn

níos áitiúla i gceantair chónaithe. Ceann de na torthaí ba ea an gá do ghnólachtaí a samhlacha seachadta seirbhíse a choigeartú agus méadú as cuimse ag teacht ar sholáthar seirbhíse digití agus ar úsáid seirbhísí lasmuigh. Ba iad na húdaráis áitiúla na bealaí do raon tacaíochtaí praiticiúla chun bia amuigh faoin aer a éascú, agus rinneadh athbhreithniú ar an gcaoi ar úsáideadh spásanna lasmuigh, chomh maith le tacaíocht dhíreach a sholáthar trí tharscaoileadh rátaí agus trí dheontais tacaíochta do ghnóthais bheaga. Le linn 2020 agus 2021, tarscaoileadh breis agus €1 bhilliún i rátaí tráchtála, agus íocadh breis agus €600 milliún le ghnóthais bheaga agus le micreaghnóthaí i ndeontais atosaithe chomh maith le €20 milliún i ndeontais do ghnóthais bheaga.

Tríd is tríd, cuidíonn na sonraí sa tuarascáil seo linn doiciméadú a dhéanamh ar a raibh ag titim amach ar fud sainseirbhísí rialtais áitiúil le linn tréimhse ama uathúil agus dúshlánach. Cuireann sé leis an taighde reatha agus cuireann sé cuid d'obair rialtais áitiúil os comhair an phobail Agus an t-éileamh ar staitisticí agus an spéis iontu ag dul i méid, déanann an earnáil a dícheall níos mó dár sonraí a chur ar fáil.

Ann Doherty
Cathaoirleach
Coiste Corparáideach CBCC

Achoimre Feidhmiúcháin



Réamhrá

Ó thús Phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020 bhíodh ról ag údaráis áitiúla na hÉireann, i gcomhar le gach earnáil de chuid rialtas agus shochar na hÉireann, chun aghaidh a thabhairt ar na cúinsí athraitheacha a mbíodh ar an Stát dul i ngleic leo. Bhailigh údaráis áitiúla go leor sonraí a thug aghaidh ar riachtanais an phobail le linn na paindéime a sholáthraíonn, nuair a dhéantar athbhreithniú orthu, faisnéis úsáideach agus suimiúil ar leibhéal tiomantais acmhainní agus ar leibhéal rannpháirtíochta seirbhíse.

Déanann an tuarascáil seo sonraí a thiomsú agus a chur i láthair maidir leis na tionscnaimh Glao Pobail agus Fan Folláin (a chuirtear faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH) go seachtainiúil agus a chuirtear i láthair an phobail ar Dheais Sonraí DHLGH), acmhainní leabharlainne ar líne an údaráis áitiúil (a chuireadh na soláthraithe seirbhíse ar líne ar fáil go seachtainiúil) agus na tacaíochtaí airgeadais a riar údaráis áitiúla ar ghnólachtaí (a bhí á gcur ar fáil ag the DHLGH).



Glao Pobail

Bhí sé d'aidhm ag an bhfeachtas **Glao Pobail** baill den phobal a nascadh le seirbhísí cuí pobail chun freastal ar a gcuid riachtanas trí sheirbhís thiomnaithe gutháin a chuirtear ar fáil i ngach limistéar údaráis áitiúil. Bhíodh comhoibriú idir údaráis áitiúla, grúpaí pobail agus seirbhísí rialtais eile i gceist leis. Bhailíodh údaráis áitiúla sonraí ar leibhéal rannpháirtíochta agus dhéantaí tuairisciú orthu trí dheais ar líne de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht idir Márta 2020 agus Meán Fómhair 2021.

Chuirtear 70,297 glaoch ar údaráis áitiúla trí na línte cabhrach Glao Pobail le linn an Tionscnaimh Glao Pobail. Comhartha sóirt den fheachtas ba ea líon ard glaonna i míonna tosaigh na dianghlasála, agus laghdú de réir a chéile ar líon na nglaoanna ina diaidh sin. Is é an patrún seo go díreach an rud a mbeifí ag súil leis ó fheachtas dá leithéid, toisc gur éirigh leis an tseirbhís úsáideoirí seirbhíse a nascadh leis na seirbhísí cuí i míonna tosaigh an fheachtais.

Rinneadh glaonna gutháin Glao Pobail a chatagóiriú sna réimsí ábhair seo a leanas:

Tábla 1 Líon na nglanna gutháin Glao Pobail de réir ábhair

Már-20 go MF-21		Líon iomlán na nglanna
Glaonna i dtaobh seirbhís béilí	Soláthar béilí teo trí sheirbhísí áitiúla béilí ar rothaí	4,428
Glaonna i dtaobh seirbhís leighis agus sláinte	Raon leathan tacaíochtaí leighis agus sláinte amhail seirbhísí iompair a sholáthar do dhaoine chuig coinní leighis, nó bailiú oideas	5,187
Glaonna i dtaobh seirbhís leithlisithe shóisialta	Dóibh siúd a raibh deacrachtaí acu maidir le leibhéal ísle idirghníomhaíochtaí sóisialta nó clutharú	11,461
Glaonna i dtaobh seirbhís bailithe agus seachadta	Cúnamh le siopadóireacht le haghaidh bia, breosla, agus earraí tí riachtanacha eile	13,702
Iarratais ghinearálta	Iarratais ilghnéitheacha nár bhain le ceann ar bith de na ceithre réimse thuas	34,085







Fan Folláin

Bhíodh an **Feachtas Fan Folláin** ar siúl ar feadh tréimhse sé mhí ó Eanáir go Meitheamh 2021. Rinneadh an feachtas a dhearadh chun tacú le sláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus folláine iomlán daoine in Éirinn le linn na tréimhse, ina raibh dianghlasáil an-fhada i gceist leis. Bhí imeachtaí ar siúl i ngach údarás áitiúil, agus na mílte daoine páirteach sna himeachtaí seo gach seachtain.

Thaifead údaráis áitiúla sonraí agus rinne an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tuairisciú orthu trí dheais náisiúnta le linn na tréimhse sé mhí. Baineadh na sonraí Fan Folláin don tuarascáil seo as na moil sonraí ar líne a raibh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina bhun.

Bhí trí ghné i gceist leis an bhFeachtas Fan Folláin:

Tábla 2 Líon na n-imeachtaí agus rannpháirtithe Fan Folláin

Eanáir go Meitheamh 2021	 Líon iomlán na n-imeachtaí	 Líon iomlán na nglanna
Imeachtaí Fanacht Gníomhach D'oibríodh údaráis áitiúla le heagraíochtaí spóirt ar fud na hÉireann chun bealaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn tacú le fanacht gníomhach ina bpobail áitiúla.	3,195	278,729
Imeachtaí Scíth a Ligean, Bí Cruthaitheach, Aire a Thabhairt do do Mhothúcháin Dhírigh an feachtas ar scíth, nádúr, cruthaitheacht agus foghlaim. D'oibríodh údaráis áitiúla agus eagraíochtaí comhphárteacha (amhail Éire Ildánach) le chéile chun imeachtaí/gníomhaíochtaí scíthe a sholáthar do dhaoine aonair agus do phobail agus chun tacú leo.	3,661	281,893
Fanacht i dTeagmháil Dhéantaí é a chomhordú idir údaráis áitiúla, grúpaí deonacha, agus eagraíochtaí eile. Dhírigh sé ar dhul i ngleic leis an leithlisiú sóisialta a d'fhulaing go leor daoine le linn phaindéim COVID-19 trí línte cabhrach tacaíochta agus tionscnaimh chairdis.	3,459	437,011



Seirbhísí Leabharlainne Digití

Ar feadh cuid mhór de 2020 agus 2021, ní rabhtas in ann seirbhísí pearsanta leabharlainne na n-údarás áitiúil a sholáthar mar gheall ar shrianta náisiúnta. Le linn an ama seo, ba mhó an tábhacht agus an tóir a bhain le **seirbhísí leabharlainne digití**. Bhí méadú tobann ar sheirbhísí

amhail ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair, ríomhírisí agus acmhainní foghlama ar líne ó thaobh úsáide de le linn na gcéimeanna ba dhéine den dianghlasáil, agus b'airde an úsáid leanúnach i gcomparáid leis an tréimhse roimh an bpaindéim ar fud 2020 agus 2021. Chuireadh gach soláthraí seirbhíse leabharlainne digití sonraí ar fáil go díreach don GBRÁ.

Tábla 3 Úsáid seirbhísí leabharlainne digití; roimh COVID-19 agus le linn COVID-19

		Roimh COVID-19 01/01/2020 - 14/03/2020	Le linn COVID-19 15/03/2020 - 31/12/2021
		Meánlíon na n-alt nuachtáin ar líne a d'osclaítí in aghaidh na seachtaine	
	Nuachtáin ar Líne	580,488	1,839,177
		Meánlíon na gceachtanna ar líne a bhféachtaí orthu in aghaidh na seachtaine	
	Cúrsaí ar Líne	3,089	3,733
		Meánlíon na n-iasachtaí ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair in aghaidh na seachtaine	
	Ríomhleabhair	7,651	16,640
	Ríomh-chlosleabhair	10,465	21,331

Murab ionann agus na seirbhísí leabharlainne digití eile, níl sonraí le haghaidh seiceálacha amach ríomhírisí ar fáil ach le haghaidh 2021. Ba é meánlíon na seiceálacha amach ríomhírisí in aghaidh na seachtaine ná 9,738 le haghaidh 2021.



Tacaíochtaí Airgeadais do Ghnólachtaí

Le linn 2020 agus 2021, b'éigean do go leor ghnólachtaí dúnadh ar feadh tréimhsí fada mar gheall ar shrianta náisiúnta COVID-19. B'fhíor é seo go háirithe do ghnólachtaí na mórshráide, ghnólachtaí i dtionscal na seirbhíse, cuir i gcás, a bhíonn ag brath ar thrádáil phearsanta. Ina fhianaise seo, chuir údaráis áitiúla raon tacaíochtaí airgeadais ar fáil do ghnólachtaí. Bhí meascán de

thacaíochtaí ó tharscaoileadh rátaí tráchtála do ghnólachtaí nach mbíodh in ann feidhmiú, go dtí deontais chun cabhrú le ghnólachtaí athoscailt de réir mar a tháinig laghdú ar shrianta. I gcomhar le bearta eile rialtais, chabhraíodh na tacaíochtaí airgeadais le ghnólachtaí a bhí ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú. Bhailigh foireann Airgeadais agus Gnó GBRÁ sonraí airgeadais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Tábla 4 Tacaíochtaí Airgeadais do Ghnólachtaí le linn COVID-19

<p>Tarscaoileadh Rátaí Cineál cánach maoine is ea rátaí tráchtála a íoctar le húdaráis áitiúla agus úsáidtear iad chun raon leathan seirbhísí áitiúla a mhaoiniú. Mar fhreagairt ar an bpaindéim agus ar dhúnadh sainordaithe ghnólachtaí ar chúiseanna sláinte poiblí, tugadh tarscaoileadh isteach. Fógraíodh tarscaoileadh tosaigh trí mhí i mBealtaine 2020 ar cuireadh síneadh leis go dtí na ráithí eile in 2020 agus go dtí R1, R2, agus R3 in 2021.</p>	<p>€717,661,651</p>	<p>Rátaí tráchtála arna dtarscaoileadh ag údaráis áitiúla in 2020.</p>
<p>Deontais Atosaithe D'fhógair an rialtas an Deontas Atosaithe i mBealtaine 2020. Bhí sé d'aidhm ag an deontas na costais ar ghnóthais bheaga agus ar mhicreaghnóthaí i dtaobh ghnólachtaí a athoscailt agus oibríthe a athfhostú i ndiaidh dhúnta COVID-19 a mhaolú.</p>	<p>€421,904,756</p>	<p>Rátaí tráchtála arna dtarscaoileadh ag údaráis áitiúla sna chéad trí ráithe in 2021.</p>
<p>Deontais do Ghnóthais Bheaga 2021 Sheol an rialtas an Scéim Cúnaimh do Ghnóthais Bheaga le haghaidh COVID (SBASC) i mí an Mhárta 2021. Bhí sé d'aidhm ag an scéim cabhrú le ghnólachtaí lena gcostais sheasta le linn an tsuaite eacnamaíoch mar gheall ar bhearta sláinte poiblí COVID-19.</p>	<p>Ghlac na húdaráis áitiúla le 108,487 iarratas ar an Deontas Atosaithe agus ar an Deontas Atosaithe Plus. Íocadh €632,266,393 le ghnólachtaí áitiúla san iomlán maidir leis an dá dheontas.</p> <p>Glacadh le 5,504 iarratas ar dheontais SBASC agus SBASC+; agus bronnadh breis agus €20 milliún ar ghnóthais bheaga agus ar mhicreaghnóthaí.</p>	

Réamhrá

Ar an 29 Feabhra 2020, deimhníodh go raibh an chéad chás de COVID-19 ann in Éirinn. Faoin 12 Márta, 2020, dúnadh gach scoil, coláiste agus ionad cúram leanaí ar feadh coicíse. Faoi dheireadh na míosa, dúnadh gach gnólacht neamhriachtanach, rud a chuir tús le srianta leibhéal a cúig¹ in Éirinn. Bhí impleachtaí ag na tréimhsí dianghlasála do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an Stáit, agus d'oibríodh údaráis áitiúla ar bhealaí éagsúla chun cuid de na tionchair sin a mhaolú. Bhailigh údaráis áitiúla go leor sonraí a thug aghaidh ar riachtanais an phobail le linn na paindéime a sholáthraíonn, nuair a dhéantar athbhreithniú orthu, faisnéis úsáideach agus suimiúil ar leibhéil tiomantais acmhainní agus ar leibhéil rannpháirtíochta seirbhíse. Is é cuspóir na tuarascála seo ná na sonraí atá ar fáil a dhoiciméadú, iad a chur ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara agus don phobal, ionas gur féidir na ceachtanna foghlama a roinnt go trédhearcach.

Cuireann an tuarascáil seo sonraí i láthair a bhailigh údaráis áitiúla ar leibhéil rannpháirtíochta seirbhíse ar fud seirbhísí nua nó leasaithe a forbraíodh chun freagairt do shrianta paindéime COVID-19. Seo thíos na ceithre sheirbhís faoi athbhreithniú:

- Tionscnaimh Glao Pobail.
- Feachtas Fan Folláin
- Seirbhísí Leabharlaine Digití
- Tacaíochtaí Airgeadais do Ghnólachtaí

Chuir paindéim COVID-19 agus na tréimhsí dianghlasála ina diaidh sin isteach ar chumas go leor daoine aonair rochtain a fháil ar áiseanna agus tacaíochtaí áitiúla, chomh maith leis sin, mhothaigh go leor daoine

go raibh siad scoite amach dá réir. Cuid amháin de fhreagairt an rialtais tionchar shrianta COVID-19 a mhaolú ar an bpobal ba ea an **Tionscnamh Glao Pobail**. Bhí sé d'aidhm ag an nGlao Pobail daoine áitiúla a chur i dteagmháil le heagraíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú lena sainriachtanais (i.e. glaonna i dtaobh seirbhís béilí, glaonna i dtaobh leithlisiú sóisialta agus glaonna i dtaobh seirbhís sláinte leighis). Chun an tionscnamh a bhainistiú, bhunaíodh gach údarás áitiúil Fóram Pobail, mar a mbíodh ionadaíocht ag na príomhpháirtithe leasmhara ar fad ón earnáil Phobail agus Dheonach chomh maith le gníomhaireachtaí Stáit. Bhunaíodh gach Fóram Pobail na prótacail agus na córais oibriúcháin go háitiúil agus bhíodh cruinnithe acu le chéile go rialta chun monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an tionscnaimh ó dheireadh mhí an Mhárta 2020 go dtí Lúnasa 2021.

Chomh maith leis an Tionscnamh Glao Pobail leanúnach, chuireadh údaráis áitiúla feachtas spriocdhírthe aonuaire ar fáil freisin. Bunaíodh an **Feachtas Fan Folláin** chun tacú le folláine fhisiciúil agus mheabhrach daoine agus bhíodh sé ar siúl ó Eanáir 2021 go Meitheamh 2021. Bhí trí ghné san Fheachtas Fan Folláin agus bhailigh údaráis áitiúla sonraí i dtaobh líon na n-imeachtaí agus na rannpháirtithe ar fud gach téama:

- Fanacht Gníomhach,
- Scíth a Ligean, Bí Cruthaitheach, agus Aire a Thabhairt do do Mhothúcháin,
- Fanacht i dTeagmháil.

¹ Le linn shrianta leibhéal 5 iarradh ar an bpobal fanacht sa bhaile seachas cúrsaí taistil, cúrsaí oibre, cúrsaí oideachais agus cúrsaí riachtanacha eile, nó chun aclaíocht a dhéanamh i bhfoisceacht 5km den bhaile. Ní cheadaíft cuairt a thabhairt ar theaghlaigh eile, agus bhíodh miondíol neamhriachtanach dúnta go fóill.

Áiríodh leis an bhFeachtas Fan Folláin imeachtaí faoi gach ceanteideal a reáchtáil i ngach údarás áitiúil in Éirinn. Thugadh na himeachtaí údarais áitiúla agus eagraíochtaí comhpháirtíochta le chéile agus bhídís ar fad bunaithe ar cheann amháin de na trí théama thuas.

Mar gheall ar thréimhsí dianghlasála COVID-19, ba mhó an tábhacht a bhain le **seirbhísí leabharlainne digití** toisc nach mbíodh an pobal in ann rochtain a fháil ar leabharlanna fisiceacha i gcónaí. Léiriú ar an méadú seo ar an tábhacht is ea an tóir mhéadaithe ar sheirbhísí digiteacha, go háirithe le linn na dtréimhsí luatha dianghlasála. Bhailíodh gach ceann de na soláthraithe seirbhíse leabharlainne digití le haghaidh 2020 agus 2021 sonraí faoin úsáid mhéadaithe seo.

Baineann an réimse deiridh faoi athbhreithniú leis na **tacaíochtaí airgeadais do ghnólachtaí** a sholáthair údarais áitiúla. Le linn phaindéim COVID-19

bhíodh tionchar airgeadais ag na srianta forleathana a bhíodh i bhfeidhm maidir le gluaiseacht daoine, uaireanta oscailte gnó, rochtain ar ábhair/ soláthairtí, srl. Dhéantaí roinnt socruithe chun cabhrú le gnólachtaí oiread agus ab fhéidir, m.sh., reachtaíocht a thabhairt isteach chun bia amuigh faoin aer a éascú, sráideanna do choisithe a cheadú chun bia amuigh faoin aer a éascú, srl., chomh maith le pacáiste tacaíochtaí airgeadais. Cuirtear sonraí a bhaineann le trí thacaíocht shonracha a bhíodh á riar ag údarais áitiúla i láthair sa tuarascáil seo, is iad sin:

- Tarscaoileadh Rátaí
- Na Deontais Atosaithe
- Deontais do Ghnóthais Bheaga.



Modheolaíocht

Sonraítear sa chuid seo den tuarascáil an modh bailithe sonraí do gach ceann de sheirbhísí COVID-19 chomh maith le haon bhailíochtú agus claochlú a bhí riachtanach i dtaobh sonraí. Bhailítí sonraí don tuarascáil seo ó fhoinsí éagsúla. Chuirtear sonraí Fan Folláin agus Glao Pobail, a chuireadh údaráis áitiúla isteach go seachtainiúil chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, le chéile agus stóráilte iad i mol sonraí láir. Chuirtear na sonraí ar fáil ansin trí dheais ar líne, a bhíodh le feiceáil ag an bpobal agus ag na húdaráis áitiúla. Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht rochtain ar fáil d'Aonad Taighde GBRÁ ar na sonraí sa mhol, agus baineadh sonraí i gcomhair anailíse. Chuireadh an soláthraí seirbhíse leabharlainne digití cuí sonraí ar fáil go díreach don GBRÁ. Chuireadh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht sonraí airgeadais a bhain le tacaíochtaí gnó bunaithe ar thuaisceáin údaráis áitiúil ar fáil don GBRÁ.

Tionscnamh Glaonna Pobail agus Feachtas Fan Folláin

Bhaintí sonraí Glao Pobail agus Fan Folláin as moil sonraí ar líne a bhíodh á n-oibriú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Tá deireadh curtha anois leis na moil sonraí Glao Pobail agus Fan Folláin.

Bhunaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht mol Glao Pobail COVID-19 chun sonraí a bhailiú ó údaráis áitiúla maidir leis an Tionscnamh Glao Pobail. Cuireadh tús leis an mbailiú sonraí i mí an Mhárta 2020 agus cuireadh deireadh leis i Meán Fómhair 2021. Don Tionscnamh Glao Pobail, bhailítí sonraí ar na nithe seo a leanas:

- Líon na nglanna a chuirtear ar líne chabhrach Glao Pobail an údaráis áitiúil

- Líon na nglanna leantacha a chuireadh údaráis áitiúla amach
- Líon na gcruinnithe fóraim a reáchtáiltear i ngach údarás áitiúil chun tacaíochtaí don Ghlaob Pobail a chomhordú
- Líon na nglanna faoi gach ceann de na catagóirí seo a leanas:
 - o Glaonna i dtaobh seirbhís béilí (béilí teo a sholáthar trí sheirbhísí áitiúla béilí ar rothaí)
 - o Glaonna i dtaobh seirbhís leighis agus sláinte (réimse leathan tacaíochtaí leighis agus sláinte amhail seirbhísí iompair chuig coinní leighis, nó bailiú oideas)
 - o Glaonna i dtaobh seirbhís leithlisithe shóisialta (dóibh siúd a raibh deacracht acu le leibhéil ísle idirghníomhaíochtaí sóisialta nó clutharú)
 - o Glaonna i dtaobh seirbhís bailithe agus seachadta (cúnamh le siopadóireacht le haghaidh bia, breosla, agus earraí tí riachtanacha eile)
 - o Glaonna eile

Bhí trí ghné i gceist leis an bhFeachtas Fan Folláin:

- Fanacht Gníomhach,
- Scíth a Ligean, Bí Cruthaitheach, agus Aire a Thabhairt do do Mhothúcháin (scíth a ligean),
- Fanacht i dTeagmháil.

Bhailítí sonraí don Fheachtas Fan Folláin ó Eanáir 2021 nuair a cuireadh tús leis an bhfeachtas agus tháinig deireadh leis i mí an Mheithimh 2021. Dhéantaí na sonraí seo a thairfeadh go seachtainiúil. Laistigh de gach ceann de na trí phríomhghné den fheachtas dhéantaí na nithe seo a leanas a thairfeadh:

- An líon imeachtaí/gníomhaíochtaí
- Líon na ndaoine a bhíodh rannpháirteach in imeachtaí/gníomhaíochtaí
- Líon na ngrúpaí/eagraíochtaí comhpháirtíochta a bhíodh rannpháirteach in imeachtaí/gníomhaíochtaí

Dhéantaí na sonraí go léir a sheiceáil lena chinntiú nach mbíodh aon neamhréireanna nó earráidí sna sonraí. Dhéantaí aon neamhréireanna nó earráidí féideartha a sheiceáil le comhaltaí foirne an údaráis áitiúil a chuireadh na sonraí ar fáil ar dtús, agus dhéantaí na ceartúcháin riachtanacha ar na tacair sonraí do na Tionscnaimh Fan Folláin agus Glao Pobail araon.

Dhéantaí sonraí seachtainiúla a athfhormáidiú chun a chinntiú go mbíodh na sonraí go léir ar siúl ar laethanta comhsheasmhacha le linn na seachtaine. Bhí sé seo riachtanach óir ní dhéantaí tacair sonraí éagsúla a thaifeadh ar fud Glao Pobail agus Fan Folláin ar dtús i bhformáidí seachtaine comhsheasmhacha. Cheadaigh athfhormáidiú chuig seachtainí comhsheasmhacha chun comparáid a dhéanamh idir tacair sonraí le himeacht aimsire.

Seirbhísí Leabharlainne Digití

Ar feadh cuid mhór de thréimhse na paindéime, bhíodh seirbhísí leabharlainne i bpearsan dúnta mar gheall ar riachtanais scartha shóisialta. Le linn an ama seo, lean leabharlanna na n-údarás áitiúil ar aghaidh le seirbhísí digiteacha a sholáthar, rud a raibh tábhacht agus tóir níos mó ag baint leis nuair a iarradh ar an bpobal srian a chur lena ngluaiseachtaí. Dhéantaí raon seirbhísí leabharlainne digití a rianú lena n-áirítear:

- Nuachtáin ar líne
- Cúrsaí ar líne
- Leabhair agus ríomh-chlosleabhair
- Ríomhíris

Chuir gach soláthraí seirbhíse leabharlainne digití thuas sonraí ar fáil go díreach don GBRÁ. Dála na sonraí Fan Folláin, ba ghá sonraí seachtainiúla a athfhormáidiú chun a chinntiú go mbíodh na sonraí go léir ar siúl ar laethanta comhsheasmhacha le linn na seachtaine le gurbh fhéidir comparáid a dhéanamh idir tacair sonraí le himeacht aimsire.

Tacaíochtaí Airgeadais do Ghnólachtaí

Sholáthair an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht sonraí airgeadais don GBRÁ. Bhí na figiúirí bunaithe ar thuarisceáin a chuir údaráis áitiúla ar aghaidh. Ba bheag ionramháil a theastaigh ó na sonraí seo, i gcomparáid le sonraí eile sa tuarascáil seo. Tugadh é ar fad mar fhiúirí bliantúla iomlána mar sin ní raibh aon choigeartú le déanamh ar na figiúirí seachtainiúla iomlána.

Glaobail

Cúlra

Bunaíodh an Tionscnamh Glaobail chun cúnamh pobail áitiúil a chomhordú nuair ba ghá ó thús phaindéim agus thréimhsí dianghlasála Covid-19. Bhunaigh an tionscnamh línte cabhrach údarais áitiúil agus thug sé eagraíochtaí príomhpháirtithe leasmhara le chéile i bhFóram Pobail. Nascadh na línte cabhrach baill den phobal leis na seirbhísí a bhíodh de dhíth orthu le linn na paindéime. Bhíodh deis sna fóraim comhordú a dhéanamh ar fhreagairtí paindéime pobail idir eagraíochtaí stáit, grúpaí pobail áitiúla, eagraíochtaí deonacha agus údarais áitiúla.



Bhunaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht mol Glaobail COVID-19 chun sonraí a bhailiú ó údarais áitiúla maidir leis an Tionscnamh Glaobail. Cuireadh tús leis an mbailiú sonraí i mí an Mhárta 2020 agus cuireadh deireadh leis i Meán Fómhair 2021.

Dhéantaí glaonna gutháin Glaobail a chatagóiriú sna réimsí ábhair seo a leanas:

- Soláthar seirbhíse béilí (soláthar béilí teo trí sheirbhísí áitiúla béilí ar rothaí)

- Glaonna i dtaobh Seirbhís Leighis agus Sláinte (raon leathan tacaíochtaí leighis agus sláinte amhail seirbhísí iompair a sholáthar do dhaoine chuig coinní leighis, nó bailiú oideas)
- Glaonna i dtaobh Seirbhís Leithlisithe Shóisialta (dóibh siúd a raibh deacrachtaí acu maidir le leibhéal ísle idirghníomhaíochtaí sóisialta nó clutharú)
- Glaonna i dtaobh Seirbhís Bailithe agus Seachadta (cúnamh le siopadóireacht le haghaidh bia, breosla, agus earraí tí riachtanacha eile)
- Iarratais Ghinearálta (iarratais ilghnéitheacha nár bhain le ceann ar bith de na ceithre réimse thuas)

Torthaí

Ó Mhárta 2020 go Meán Fómhair 2021 cuireadh 70,297 glaobail san iomlán ar údarais áitiúla trí na línte cabhrach Glaobail.



70,297

glaobail ar líne chabhrach
Glaobail


31,932

athghlaobail údarais áitiúil

Bhí líon iomlán na nglanna seachtainiúla ag an leibhéal ab airde ag 6,518 glao go luath i mí Aibreáin 2020. Bheifí ag súil leis an ardú tobann ar ghlaonna, agus laghdú sna míonna ina dhiaidh sin, i bhfianaise chineál na seirbhíse. Is iomaí ball den phobal a bhíodh nasctha le heagraíochtaí ábhartha i míonna tosaigh na paindéime trí Ghlaob Pobail, ach a luaithe agus a dhéantaí an teagmháil thosaigh, bhíodh teagmháil dhíreach leis na heagraíochtaí indéanta d'úsáideoirí seirbhíse. Ina theannta sin, d'fhéadfaí na patrúin athraitheacha maidir leis an éileamh ar an tseirbhís seo a chur i leith na dtréimhsí dianghlasála a tugadh isteach agus ar tháinig laghdú orthu níos déanaí de réir thrá agus dhíthrá líon cásanna COVID-19.




Mar a léirítear i bhFigiúr 1, cé is moite den ardú tobann tosaigh i nglanna, a raibh breis agus 6,500 glaach i gceist leis sa dara seachtain de thús na seirbhíse, tá arduithe tobanna breise (cé go bhfuil siad níos lú) ann a léiríonn líon níos airde glaonna thart ar tréimhsí dianghlasála ina dhiaidh sin, amhail Deireadh Fómhair 2020 nuair a a d'fhaightí 546 glao i seachtain amháin agus tús mhí Eanáir 2021 nuair a a d'fhaightí 699 glao i seachtain amháin.



Figiúr 1 Líon iomlán na nglanna a chuirtear ar údaráis áitiúla agus athghlaonna a chuireadh údaráis áitiúla amach de réir mh²

² Cé go mbíodh líon iomlán na nglanna ar fáil do gach seachtain, bhíodh sonraí in easnamh maidir le catagóirí sonracha i leith glaonna do na seachtainí dar tús an 28 Márta, 2021, an 5 Iúil, 2021 agus an 2 Lúnasa, 2021. Ina theannta sin, dhéantaí roinnt glaonna a rangú faoi níos mó ná catagóir amháin óir bhíodh riachtanais iomadúla i gceist leis an nglaoiteoir. Mar sin, ní bheidh líon iomlán na nglanna a ndéantaí catagóiriú orthu ar aon dul le líon iomlán na nglanna a d'fhaightí.



Figiúr 2 Glaonna iomlána de réir catagóire ar fud 31 údarás áitiúla


Nuair a d'fhaigheadh na húdaráis áitiúla glaonna, dhéantaí iad a chatagóiriú faoi na ceanteidil chomhaontaithe, agus chuirí sonraí faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht go seachtainiúil. Mar a fheictear i bhFigiúr 2, seachas glaonna a rangáodh mar 'eile', ba ar sheirbhísí Bailithe agus Seachadta a bhíodh an t-éileamh ba mhó agus rangáodh 13,702 glao faoin gceanteideal seo. Bhí 11,461 glao i dtaobh Leithlisiú Sóisialta san iomlán agus bhí 5,187 glao a bhain le tacaíocht le Seirbhís Leighis agus Sláinte agus bhí 4,428 glao ann a bhain le Seirbhís Béilí idir deireadh mí an Mhárta 2020 agus mí Mheán Fómhair 2021.

Nuair a dhéantar sonraí an ghlaio gutháin a mhiondealú de réir catagóir glao, agus nuair a dhéantar iad a mheas le linn amlíne na paidéime, mar a léirítear i bhFigiúr 4 go 8, feictear go bhfuil patrún na leibhéal is airde ó thaobh glaonna comhsheasmhach ar fud gach catagóire glao. Tríd is tríd, ba é an toradh a bhí ar an gcéad dianghlásáil ná go mbaintí an úsáid ab airde as líne ghutháin an Ghlaio Pobail, beag beann ar an gcineál seirbhíse a bhí riachtanach. Nuair a cuireadh tús le dianghlásáil 2 agus 3, bhí tacaíochtaí i bhfeidhm cheana féin do na húsáideoirí leochaileacha seirbhíse a chuaigh i


dteagmháil leis na húdaráis áitiúla le linn dhianghlásáil 1, mar sin chuaigh líon beag úsáideoirí breise nó úsáideoirí a raibh athrú ar a gcuid riachtanas, i mbun teagmhála leis an líne chabhrach Glao Pobail le linn na dtréimhsí dianghlásála ina dhiaidh sin.

Mar a fheictear i bhFigiúr 4 agus 8, bhíodh na glaonna seachtainiúla ag an leibhéal ab airde le haghaidh glaonna i dtaobh Bailiú agus Seachadta agus Iarratais Eile le 2,127 agus 2,705 glao faoi seach sa dara seachtain den tseirbhís. Léirítear i bhFigiúr 5 go mbíodh glaonna i dtaobh Leithlisiú Sóisialta ag an leibhéal ab airde ag 1,359 glao tuairim is mí amháin isteach sa chéad tréimhse dianghlásála. Mar a léirítear i bhFigiúr 6 agus 7 bhíodh Glaonna i dtaobh Seirbhís Béilí agus seirbhís Leighis agus Sláinte ag an leibhéal ab airde ag 450 glao agus 382 glao faoi seach.


Tugann an bhuaic tosaigh maidir le húsáid na líne gutháin, agus titim sórt gear ina diaidh ar ghlaonna le fios go mbíodh na húdaráis áitiúla in ann úsáideoirí seirbhíse a threorú go tapa agus go rathúil chuig na tacaíochtaí cearta le linn a dteagmhála tosaigh, rud a laghdaigh an gá le hathghlaonna.




Figiúr 3 Glaonna i dtaobh Seirbhís Bailithe agus Seachadta ar fud 31 údarás áitiúil




Figiúr 4 Glaonna i dtaobh Seirbhís Leithlisithe Shóisialta ar fud 31 údarás áitiúil



Figiúr 5: Glaonna i dtaobh Seirbhís Béalí ar fud 31 údarás áitiúil



Figiúr 6 Glaonna i dtaobh Seirbhís Leighis agus Sláinte ar fud 31 údarás áitiúil



Figiúr 7 Glaonna i dtaobh Iarratais Eile ar fud 31 údarás áitiúil

Gníomhaíocht Údaráis Áitiúil

I bhfianaise na slite ar leith a raibh gach údarás áitiúil³ in ann i dtaithe ar chúrsaí agus dul i mbun teagmhála lena gcomhpháirtithe áitiúla, tá go leor éagsúlachta ann maidir le líon na nglanna a thagann trí línte gutháin an Ghlaio Pobail. Cé gur bhunaigh gach údarás áitiúil seirbhís thiomnaithe ‘Glaio Pobail’, i gceantair áirithe, bhí comhpháirtithe pobail nó foireann údaráis áitiúil ag baint úsáid as córais a bhí ann cheana féin chun dul i mbun teagmhála leis an bpobal, rud a laghdaigh a spleáchas ar an tseirbhís gutháin ‘Glaio Pobail’.

Mar a fheictear i bhFigiúr 9, bhíodh go leor gníomhaíochta ar siúl ar fud na n-údarás áitiúil go léir, ach bhí go leor éagsúlachta ann ó thaobh mhéid na gníomhaíochta freisin. Cé gur féidir cuid de seo a mhíniú ach breathnú ar an úsáid a bhaintí as infreastruchtúr tacaíochta na n-údarás áitiúil a bhí ann cheana féin, tá éagsúlachtaí eile ann ar deacair iad a thomhas dála rochtain ar sheirbhísí malartacha nó cóngarach do theaghlach agus do chairde. Mar atá i gceist le go leor seirbhísí údaráis áitiúil, chuaigh gach seirbhís Glaio Pobail i dtaithe ar chúrsaí chun freastal ar riachtanais a bpobail áitiúil.

³ D’fhéadfadh go mbeadh na figiúirí do Chathair agus do Chontae Luimnigh éagsúil leo siúd a foilsíodh roimhe seo mar gheall ar earráid iontrála sonraí a ceartaíodh.

70,297
 Glao a chuirtear ar údarás áitiúla




Figure 8 Líon iomlán na nglaoanna a chuirtear ar údarás áitiúla de réir údarás áitiúil


Ina theannta sin, ghlac roinnt údaráis áitiúla ról ceannaireachta orthu féin i gcás glaonna leantacha, agus d'aontaigh roinnt eile go nglacfadh eagraíochtaí comhpháirtíochta nó grúpaí deonacha an ról sin orthu féin. Arís eile, bhíodh éagsúlachtaí le sonrú maidir le líon na nglanna leantacha a dhéantaí idir údaráis áitiúla mar thoradh air seo. Ina theannta sin tá an éagsúlacht ann ó thaobh mhéid agus phróifíl aoise an daonra idir údaráis áitiúla, rud a d'imir tionchar ar líon na saoránach a raibh tacaíocht de dhíth orthu. Cuireadh 31,932 glao leantach san iomlán ar fud na n-údarás áitiúil go léir.

Cruinnithe Fóraim Glao Pobail

Bhunaigh gach údarás áitiúil Fóram Glao Pobail ar a mbíodh comhaltaí ó eagraíochtaí pobail agus deonacha ábhartha chomh maith le gníomhaireachtaí reachtúla. Bhíodh


cruinnithe de na fóraim seo ar siúl i ngach údarás áitiúil sa Stát chun próisis oibre a chomhaontú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Ar an iomlán, bhíodh 884 cruinniú ar siúl idir Márta 2020 agus Lúnasa 2021, agus reáchtáiltí an líon ba mhó acu le linn na céime bunaithe ag tús shrianta Covid-19. Mar a léirítear i bhFigiúr 10, áfach, bhí líon na gcruinnithe ag an leibhéal ab airde freisin i ndiaidh thréimhse dianghlasála 2 agus 3.

Bhíodh éagsúlacht ag baint le líon na gcruinnithe a reáchtáiltí ó údarás áitiúil go húdarás áitiúil mar a léirítear i bhFigiúr 11. Bhí tionchar ag roinnt cúinsí ar an éagsúlacht seo lena n-áirítear an t-infreastruchtúr tacaíochta reatha, líon na bpáirtithe leasmhara agus próifíl na n-úsáideoirí seirbhíse agus castacht a gcuid riachtanas.



Figiúr 9 Líon iomlán na gCruinnithe Fóraim ar fud 31 údarás áitiúla, Márta 2020 go Lúnasa 2021

884
Cruinniú Fórim



Figiúr 10 Líon iomlán na gCruinnithe Fórim de réir údarás áitiúil

Fan Folláin

Cúlra

Agus é mar chuid de fhreagairt iomlán an údaráis áitiúil agus an rialtais ar Phaindéim COVID-19, bhíodh an Feachtas Fan Folláin ar siúl ar feadh 26 seachtain ó Eanáir go Meitheamh 2021. Bhí trí ghné i gceist leis an bhFeachtas Fan Folláin:

- Fanacht Gníomhach,
- Scíth a Ligean, Bí Cruthaitheach, agus Aire a Thabhairt do do Mhothúcháin
- Fanacht i dTeagmháil

Bhí sé d'aidhm ag na gnéithe seo ar fad tacú le sláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus folláine iomlán daoine in Éirinn le linn phaindéim COVID-19. Théadh gach tionscnamh i ngleic leis an sprioc seo ar bhealach difriúil. I gcás fheachtas Fanacht Gníomhach, d'oibríodh údaráis áitiúla le heagraíochtaí spóirt ar fud na hÉireann chun bealaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn tacú le fanacht gníomhach ina bpobail áitiúla.

Dhírigh an feachtas Scíth a Ligean ar scíth a leagan, nádúr, cruthaitheacht agus foghlaim. D'oibríodh údaráis áitiúla agus eagraíochtaí comhphárteacha (amhail Éire Ildánach) le chéile chun imeachtaí/gníomhaíochtaí a sholáthar do dhaoine aonair agus do phobail agus chun tacú leo.

Ag tógáil ar an bhfreagairt ar an nGlaob Pobail níos luaithe sa bhliain, chomhordaigh an t-údarás áitiúil an ghné Fanacht i dTeagmháil agus thug sé an t-údarás áitiúil, na grúpaí deonacha, agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara eile le chéile. Dhírigh sé ar dhul i ngleic leis an leithlisiú sóisialta a d'fhulaing go leor daoine le linn phaindéim COVID-19 trí línte cabhrach tacaíochta agus tionscnaimh chairdis.

Bhíodh an bailiú sonraí ar siúl ó thús an Fheachtais Fan Folláin i mí Eanáir 2021 agus tháinig deireadh leis i Meitheamh 2021. Dhéantaí na sonraí seo a thaifeadadh gach Domhnach. Laistigh de gach feachtas dhéantaí na gnéithe seo a leanas a thaifeadadh:


- An líon imeachtaí/gníomhaíochtaí
- Líon na ndaoine a bhíodh rannpháirteach in imeachtaí/gníomhaíochtaí
- Líon na ngrúpaí/eagraíochtaí comhpháirtíochta a bhíodh rannpháirteach in imeachtaí/gníomhaíochtaí

Torthaí

Fanacht Gníomhach

San iomlán, bhíodh 3,195 imeacht Fanacht Gníomhach ar siúl ar fud an Stáit le linn na tréimhse sé mhí, agus ghlacadh 278,729 duine páirt sna himeachtaí sin. Dhírigh na himeachtaí seo ar ghníomhaíochtaí spóirt agus fisiceacha, le himeachtaí dála dúshlán siúlóide/reatha 100km in aghaidh na míosa, ranganna aclaíochta lasmuigh saor in aisce i bpáirceanna agus i limistéir eile lasmuigh, ranganna aclaíochta agus damhsa ar líne saor in aisce, tacú le gníomhaíochtaí Operation Transformation, etc.





Figiúr 11 Líon na n-imeachtaí Fanacht Gníomhach gach seachtain


Mar a fheictear i bhFigiúr 12, tháinig méadú seasta ar líon na n-imeachtaí Fanacht Gníomhach le linn na tréimhse 6 mhí. Reáchtáiltí 27 imeacht san iomlán sa chéad seachtain den fheachtas a thosaigh ar an 3 Eanáir, 2021, agus reáchtáiltí 181 imeacht sa tseachtain deiridh den fheachtas i Meitheamh 2021.

Scíth a Ligean, Bí Cruthaitheach, agus Aire a Thabhairt do do Mhothúcháin

Dhírigh Scíth a Ligean ar am a thógáil amach ó bhrú na hoibre agus ó strus na paidéime, leithlisiú, nó freagrachtaí cúraim. Bhíodh oifigí ealaíon an údaráis áitiúil, na leabharlanna agus na seirbhísí lasmuigh taobh thiar de raon imeachtaí lena n-áirítear gníomhaíochtaí leabharlainne 'Éire ag Léamh', ceolchoirmeacha agus imeachtaí ealaíon. San iomlán, bhíodh 3,661 imeacht Scíth a Ligean, Bí Cruthaitheach agus Aire a Thabhairt do do Mhothúcháin ar siúl ar fud an Stáit le haghaidh 26 seachtaine an fheachtais, agus dhéantaí 281,893 duine a thaifeadh a ghlacadh páirt sna himeachtaí seo.


Imeachtaí Scíth a Ligean, Bí Cruthaitheach, Aire a Thabhairt do do Mhothúcháin

Eanáir go Meitheamh 2021




3,661
Líon iomlán na n-imeachtaí

141
Meánlíon na n-imeachtaí in aghaidh na seachtaine




281,893
Líon iomlán na rannpháirtithe

10,842
Meánlíon na rannpháirtithe in aghaidh na seachtaine



mar a fheictear i bhFigiúr 13, bhí an líon iomlán imeachtaí seachtainiúla ag an leibhéal ab airde ag deireadh mhí Eanáir, nuair a bhíodh 492 imeacht ar siúl, agus arís

ag deireadh mhí na Bealtaine 2021 nuair a bhíodh 438 imeacht ar siúl sa tseachtain deiridh den mhí sin.





Figiúr 12 Líon na n-imeachtaí Scíth a Ligean, Bí Cruthaitheach, Aire a Thabhairt do do Mhóthúcháin ar siúl gach seachtain seachtain

Fanacht i dTeagmháil

I measc na n-imeachtaí faoin téama seo bhíodh feachtais phromóisin chun teagmháil a dhéanamh le comharsana agus seirbhísí cairdis dá samhail. San iomlán, bhíodh 3,459 imeacht Fanacht i dTeagmháil ar fud na 26 seachtaine den fheachtas.

Bhíodh líon na n-imeachtaí Fanacht i dTeagmháil measartha seasta ar feadh na chéad trí mhí den fheachtas. Mar a fheictear i bhFigiúr 14, bhí líon n-imeachtaí Fanacht i dTeagmháil ag an leibhéal ab airde i dtosach ag 515 imeacht sa tseachtain dar tús an 4 Aibreán, 2021. Ina dhiaidh sin bhí an dara buaic ann sa tseachtain dar tús an 13 Iúil, 2021, nuair a bhíodh 797 imeacht ar siúl.




Figiúr 13 Líon na n-imeachtaí Fanacht i dTeagmháil gach seachtain

Líon Iomlán imeachtaí Fan Folláin

Ar fud na gcúig ghné den fheachtas Fan Folláin, reáchtáilte 10,315 imeacht agus dhéantaí 997,633 duine a thaifeadh mar rannpháirtithe sna himeachtaí sin, mar a léirítear i bhFigiúr 15.

Bhí éagsúlacht mhór maidir le líon agus scála na n-imeachtaí seo, agus arís eile, tá an éagsúlacht seo ann mar gheall ar na modhanna rannpháirtíochta, sonraí taifeadta, agus riachtanas áitiúil.



Figiúr 14 Líon na nImeachtaí Fan Folláin de réir údarás áitiúil

Feachtas Feasachta

Áiríodh leis an bhfeachtas Fan Folláin feachtas feasachta freisin, a chuir imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhí ar fáil agus ábhair Fan Folláin chun cinn. Bhailítí méadrachtaí feachtas feasachta sa tréimhse Eanáir go

Meitheamh 2021. Thuairiscigh údaráis áitiúla go raibh breis agus 30,000 postáil sna meáin cumarsáide a raibh tuairim is tríocha milliún imprisean mar thoradh orthu.



Seirbhísí Leabharlainne Digití

Cúlra

Roimh phaindéim COVID-19, bhíodh leaganacha digiteacha de phríomhsheirbhísí á gcur ar fáil i leabharlanna na hÉireann cheana féin. I measc na mórshheirbhísí digiteacha a bhíodh ar fáil don phobal bhíodh Nuachtáin Ar Líne, Cúrsaí ar Líne, ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair, agus ríomhírisí.



Nuachtáin ar Líne



Cúrsaí ar Líne



Ríomhleabhair agus Ríomh-chlosleabhair



Ríomhírisí

Le linn thréimhsí dianghlasála COVID-19, ba mhó an tábhacht a bhí le seirbhísí digiteacha óir bhíodh rochtain an phobail ar fhoirgnimh leabharlainne poiblí an-teoranta. Léiriú air seo is ea an tóir mhéadaithe ar sheirbhísí digiteacha, go háirithe le linn na dtréimhsí dianghlasála luatha.

Torthaí


Nuair a cuireadh srianta COVID-19 i bhfeidhm ar an 12 Márta 2020 ar dtús, agus nuair a tugadh bearta iomlána dianghlasála isteach ina dhiaidh sin ar an 29 Márta, 2020, tháinig méadú ar rannpháirtíocht i ngach ceann de na seirbhísí leabharlainne ar líne.



Nuachtáin ar Líne

Is feidhmchlár ar líne é Press Reader ina bhfuil na mílte nuachtán agus irisleabhar ar fail, lena n-áirítear foilseacháin Éireannacha agus idirnáisiúnta araon, ar féidir le húsáideoirí rochtain a fháil orthu ach síniú isteach lena seirbhís leabharlainne áitiúil.


Sonraítear sna sonraí atá ar fáil cé mhéad duine a d'úsáideadh an léitheoir nuachta gach seachtain, cé chomh minic a thosaíodh gach léitheoir ar sheisiún chun an nuachtán a léamh (líon iomlán na seisiún), agus cé mhéad nuachtán a d'osclaítí.



Figiúr 15 Líon na n-úsáideoirí uathúla, na seisiúin agus na nuachtán a d'osclaítí gach seachtain le haghaidh 2020 agus 2021

Mar a fheictear i bhFigiúr 16, i ndiaidh gur tugadh srianta COVID-19 isteach ar an 12 Márta, 2020, tháinig méadú ar rannpháirtíocht leis na nuachtáin ar líne de réir gach méadrachta agus bhí rannpháirtíocht ard ann sna míonna ina dhiaidh sin. Le linn na chéad seachtaine i mí an Mheithimh 2020, taifeadh na figiúirí ab airde. Osclaíodh 193,104 nuachtán, le linn 140,911 seisiún i measc 29,913 úsáideoir uathúil.

Tháinig méadú suntasach ar líon na n-alt nuachtáin a léití mar a léirítear i bhFigiúr 17, agus 5,918,121 alt á léamh sa chéad seachtain i mí an Mheithimh 2020.



Figiúr 16 Meánlón na n-alt nuachtáin ar líne a d’osclaítí in aghaidh na seachtaine

Tábla 5 Meánlón na n-alt nuachtáin a d’osclaítí in aghaidh na seachtaine, roimh COVID-19 agus le linn COVID-19

		Meánlón na nAlt Nuachtáin a d’osclaítí
Roimh COVID-19 2020	Sna naoi seachtaine in 2020, roimh phaindéim COVID-19, d’osclaítí 580,488 alt ar líne ar an meán.	580,488
An lú Dianghlasáil 2020	Ó thús phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2020 (17 seachtaine), tháinig méadú ar mheánlón na n-alt a d’osclaítí gach seachtain go 3,331,342 . B’ionann é sin agus méadú 573% ar na hailt sheachtainiúla a bhféachtaí orthu i gcomparáid leis an dá mhí roimhe sin.	3,331,342
An chuid eile de 2020	Ó mhí Iúil 2020 go dtí gur tugadh srianta isteach ag deireadh 2020 (25 seachtaine), tháinig laghdú ar líon na n-alt a d’osclaítí go dtí 1,361,014 in aghaidh na seachtaine ar an meán , méadú 234% ar na míonna roimh thabhairt isteach na srianta.	1,361,014
2021	Ó thús na tréimhse dianghlasála nua a tugadh isteach i ndiaidh Nollaig 2020 go dtí Meitheamh 2021 (27 seachtaine), bhaintí úsáid as an Press Reader chun féachaint ar 1,690,111 alt ar an meán in aghaidh na seachtaine.	1,690,111
	Ar feadh an chuid eile de 2021, idir Iúil agus Nollaig (26 seachtaine), tháinig laghdú beag ar mheánlón na n-alt a bhféachtaí orthu ar Press Reader go 1,451,059 alt ar an meán in aghaidh na seachtaine. Mar sin choinníodh an Press Reader líon suntasach úsáideoirí a théadh ina bhun le linn na paindéime.	1,451,059




Cúrsaí ar Líne

Cúrsaí ar líne saor in aisce a bhí ar fáil trí bharrachóid na leabharlaine áitiúla ar líne, 'Universal Class.'


Bhí Universal Class, a úsáidtear le haghaidh cúrsaí ar líne, mar chuid de threocht ard úsáide a tharla cothrom an ama ar tugadh srianta COVID-19 isteach i mí an Mhárta 2020. Bhí líon na gceachtanna a bhféachtaí orthu ag an leibhéal ab airde ag 24,224 sa tseachtain deiridh d'Aibreán 2020 agus bhí obair a chuireadh scoláirí ag an leibhéal ab airde ag 15,129, bhí líon na bhfíseán a bhféachtaí orthu ag an leibhéal ab airde ag

14,866 agus bhí líon na seisiún logála isteach ag an leibhéal ab airde ag 14,071.


Fearacht seirbhísí eile, tháinig laghdú ar líon na rannpháirtíochta de réir mar a cuireadh deireadh leis na tréimhsí dianghlasála. Mar shampla, thit líon na gceachtanna a bhféachtaí orthu go 4,085 sa chéad seachtain i Lúnasa 2020, ach, bhí rannpháirtíocht ag an leibhéal ab airde arís i ndiaidh dhianghlasáil mhí Dheireadh Fómhair 2020 agus tháinig méadú go 10,913 ar na ceachtanna a bhféachtaí orthu sa chéad seachtain i mí na Samhna 2020. Ar an gcuma chéanna, i ndiaidh na dianghlasála i mí na Nollag 2020, tháinig méadú ar na ceachtanna a bhféachtaí orthu go 13,210 in aghaidh na seachtaine faoi lár Eanáir 2021, mar a léirítear i bhFigiúr 19.




Figiúr 17 Seisiún logála isteach Cúrsaí Ar Líne in aghaidh na seachtaine le haghaidh 2020 agus 2021



Figiúr 18 Ceachtanna Cúrsaí Ar Líne a bhféachtaí orthu in aghaidh na seachtaine le haghaidh 2020 agus 2021



Figiúr 19 Físeáin Cúrsaí Ar Líne a bhféachtaí orthu in aghaidh na seachtaine le haghaidh 2020 agus 2021



Figiúr 20 Obair a chuireadh scoláirí ar Chúrsaí ar Líne isteach in aghaidh na seachtaine le haghaidh 2020 agus 2021

Tábla 6 Meánlíon na gceachtanna a bhféachtaí orthu in aghaidh na seachtaine, roimh COVID-19 agus le linn COVID-19

Meánlíon na gceachtanna a bhféachtaí orthu in aghaidh na seachtaine

Roimh COVID-19	Sna chéad naoi seachtaine de 2020, roimh an bpaindéim, d'fhéachtaí ar 3,089 ceacht ar an meán in aghaidh na seachtaine.	3,089
An lú Dianghlasáil	Ó thús phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2020 (17 seachtaine), tháinig méadú air seo go dtí 14,594 ceacht ar an meán a bhféachtaí orthu in aghaidh na seachtaine – méadú beagnach faoi chúig ar an úsáid.	14,594
An chuid eile de 2020	Ó mhí Iúil 2020 go dtí gur tugadh srianta isteach an athuir ag deireadh 2020 (25 seachtain), tháinig laghdú ar líon na gceachtanna a bhféachtaí orthu gach seachtain go dtí 5,880 ceacht ar an meán in aghaidh na seachtaine.	5,880
2021	Ó thús na mbeart dianghlasála nua a tugadh isteach i ndiaidh Nollaig 2020 go dtí Iúil 2021 (27 seachtaine), bhí méadú go 7,133 ar an meánlíon alt a bhféachtaí orthu in aghaidh na seachtaine.	7,133
	Ar feadh an chuid eile de 2021, idir Iúil agus Nollaig (26 seachtaine), tháinig laghdú ar mheánlíon na n-alt a bhféachtaí orthu go 3,227 ceacht in aghaidh na seachtaine.	3,227




Ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair

Is féidir le húsáideoirí ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair a fháil ar iasacht ó chatalóg seirbhísí a leabharlaine trí aip ar a dtugtar 'Borrow Box.'

Lean na treochtaí maidir le hiasachtaí ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair an patrún céanna, mórán, leis na nuachtáin agus na cúrsaí ar líne. Chonacthas tréimhsí fáis sa dá cheann ag an am céanna agus a tugadh srianta isteach i mí an Mhárta 2020

agus Eanáir 2021. Mar a fheictear i bhFigiúr 22, áfach, ba lú tréimhsí an laghdaithe a tharla cothrom an ama chéanna le maolú ar shrianta, i gcomparáid leis na treochtaí maidir le nuachtáin agus cúrsaí ar líne. I ndiaidh na chéad tréimhse dianghlasála i mí Mhárta 2020, tháinig méadú tuairim is 4,000 in aghaidh na seachtaine ar iasachtaí seachtainiúla ríomh-chlosleabhair agus ríomh-chlosleabhair go 20,615 agus 18,896 faoi seach faoin 26 Aibreán, 2020. Bhíodh an úsáid measartha seasta go dtí díreach roimh an tríú dianghlasáil i mí Eanáir 2021 nuair a tháinig laghdú ar na huimhreacha i rith na Nollag ach bhí na figiúirí ar an leibhéal ab airde faoin 21 Feabhra, 2021, agus iasachtaí seachtainiúla ríomhleabhair ag 29,011 agus iasachtaí seachtainiúla ríomh-chlosleabhair ag 24,178.



Figiúr 21 Iasachtaí seachtainiúla ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair le haghaidh 2020 agus 2021

Tábla 7 Meánlíon na n-iasachtaí ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair in aghaidh na seachtaine, roimh COVID-19 agus le linn COVID-19

Meánlíon na n-iasachtaí in aghaidh na seachtaine
Ríomh-
Ríomhleabhair Ríomh-
chlosleabhair

Roimh COVID-19	Sna chéad naoi seachtaine de 2020, roimh an bpaindéim, thugtaí 7,651 ríomhleabhar agus 10,465 ríomh-chlosleabhar ar an meán ar iasacht in aghaidh na seachtaine.	7,651	10,465
An Iú Dianghlasáil	Ó thús phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2020 (17 seachtaine), thugtaí 17,393 ríomhleabhar agus 17,072 ríomh-chlosleabhar ar an meán faoi seach ar iasacht in aghaidh na seachtaine, rud is ionann agus arduithe suntasacha 227% agus 163% faoi seach ón tréimhse roimh thús na paindéime.	17,393	17,071
An chuid eile de 2020	Ó mhí Iúil 2020 go dtí gur tugadh srianta isteach in athuair ag deireadh 2020 (25 seachtain), thugtaí 15,553 ríomhleabhar agus 17,972 ríomh-chlosleabhar ar iasacht in aghaidh na seachtaine ar an meán. Ó thús na tréimhse dianghlasála nua a tugadh isteach i ndiaidh Nollaig 2020 go dtí deireadh 2021 (53 seachtaine), tugadh 16,939 ríomhleabhar agus 24,182 ríomh-chlosleabhar ar an meán ar iasacht in aghaidh na seachtaine.	15,553	17,972
2021	B'fhéidir gur léiriú iad na leibhéil rí-arda úsáideoirí a choinníte gur ghníomhaíochtaí iad léamh ríomhleabhar agus éisteacht le ríomh-chlosleabhair a leanfadh úsáideoirí ar aghaidh leo ach dul ina bhun.	16,939	24,182






Ríomhírisí

Bhítí in ann teacht ar ríomhírisí trí aip ar a dtugtar 'RB Digital.' I mí na Bealtaine 2021, aistríodh an tseirbhís ríomhírisí go dtí an aip ar a dtugtar 'Libby'.

Murab ionann agus na seirbhísí leabharlainne digití eile, níl sonraí le haghaidh seiceálacha amach ríomhírisí ar fáil ach le haghaidh 2021. Mar a fheictear i bhFigiúr 23, bhíodh seiceálacha amach réasúnta seasmhach i rith na bliana, agus bhí siad ag an leibhéal ab airde sa tseachtain dar tús an 2 Bealtaine, 2021, nuair a seiceáladh 11,323 ríomhíris amach.



Figiúr 22 Meán-seiceálacha amach ceithre seachtaine ríomhírise le haghaidh 2021⁴⁵

⁴ Léirítear sna sonraí ó na seachtainí dar tús an 3 Eanáir go dtí an 18 Aibreán seiceálacha amach ríomhírisí seachtainiúla ó RB Digital, agus is ionann na dátaí eile, ó na seachtainí dar tús an 2 Bealtaine go dtí an 26 Nollaig agus seiceálacha amach ríomhírisí ó Libby.

⁵ Ní raibh sonraí iomlána ar fáil don tseachtain dar tús an 25 Aibreán go dtí an 1 Bealtaine.

Tacaíochtaí Airgeadais do Ghnólachtaí

Cúlra

Le linn phaindéim COVID-19 b'éigean do go leor gnólachtaí dúnadh go hiomlán ar feadh tréimhsí ama, nó srian a chur ar a gcuid oibríochtaí. Mar thoradh air seo, thug rialtas na hÉireann tacaíochtaí gnó isteach chun cuid de na hualaí a chuirfí ar ghnólachtaí le linn na dtréimhsí dianghlasála a mhaolú. Áiríodh leis na tacaíochtaí Tarscaoileadh Rátaí, Deontais Atosaithe agus Deontais do Ghnóthais Bheaga, a bhíodh á riar ar fad ag údaráis áitiúla. Sonraítear sa chuid seo na tacaíochtaí a thugtaí trí údaráis áitiúla chomh maith leis na leibhéil tacaíochta airgeadais a chuirfí ar fáil.

Tarscaoileadh Rátaí

Cineál cánach maoine is ea rátaí tráchtála a íoctar le húdaráis áitiúla agus úsáidtear iad chun raon leathan seirbhísí áitiúla a mhaoiniú. Mar fhreagairt ar an bpaindéim agus ar dhúnadh sainordaithe gnólachtaí ar chúiseanna a bhain le sláinte phoiblí, i mBealtaine 2020 d'fhógair an rialtas tarscaoileadh tosaigh trí mhí ar rátaí tráchtála don dara ráithe de 2020 (Aibreán go Meitheamh). Cuimsíodh sa tarscaoileadh céad faoin gcéad de na rátaí a bhí dlite agus cuireadh i bhfeidhm é ar gach gnólacht, bhí líon beag eisceachtaí amhail bainc, ollmhargaí, agus fónais mhóra (gnólachtaí a bhíodh in ann fanacht ar oscailt tríd is tríd le linn na dtréimhsí dianghlasála). I bhfianaise chúinsí leanúnacha na paindéime, cuireadh síneadh leis an tarscaoileadh tosaigh trí mhí seo go dtí deireadh na bliana agus

leanadh ar aghaidh leis don chéad naoi mí de 2021⁶. D'aisíoc an rialtas láir an maoiniú leis na húdaráis áitiúla chun rátaí iomlána a tharscaoiltí ó Aibreán 2020 go dtí Meán Fómhair 2021 san áireamh a chlúdach.



€717,661,651

Rátaí tráchtála arna dtarscaoileadh ag údaráis áitiúla in **2020**.

€421,904,756

Rátaí tráchtála arna dtarscaoileadh ag údaráis áitiúla sna **chéad trí ráithe in 2021**.

⁶ Tuilleadh eolais ar <https://www.gov.ie/en/publication/3ac02-support-for-businesses-impacted-by-covid-19-through-the-commercial-rates-waiver/> [Arna rochtain ag 17-05-2022]

Deontais Atosaithe 2020

D'fhógair an rialtas an Deontas Atosaithe i mBealtaine 2020. Bhí sé d'aidhm ag an deontas na costais ar ghnóthais bheaga agus ar mhicreaghnóthaí i dtaobh gnólachtaí a athoscailt agus oibrithe a athfhostú i ndiaidh dhúnta COVID-19 a mhaolú. Bhíodh an deontas ar fáil do ghnólachtaí a a mbíodh láimhdeachas de níos lú ná €5 mhilliún acu agus 50 fostaí nó níos lú ag obair dóibh, a mbíodh dúnadh nó laghdú 25% sa láimhdeachas i gceist leo.

Dhéanadh gnólachtaí ar spéis leo an deontas iarratas trína n-údarás áitiúil agus bhíodh orthu a bheith laistigh de chóras rátaí tráchtála an údaráis le bheith incháilithe. Ríomhadh an deontas le go mbeadh sé comhionann le rátaí tráchtála a d'íocadh gnólachtaí in 2019, €2,000 ba ea an deontas ba lú agus €10,000 ba ea an deontas ba mhó a bhíodh ar fáil⁷.

I mí Lúnasa 2020, d'fhógair an rialtas an scéim Deontas Atosaithe Plus. Bhíodh Deontas Atosaithe Plus ar fáil do ghnóthais mheánmhéide agus mhóra, a mbíodh suas le 250 fostaí ag obair dóibh agus láimhdeachas suas le €25 milliún, ar tháinig laghdú 25% ar a gcuid láimhdeachais. €4,000 ba ea an deontas ba lú agus €25,000 ba ea an deontas ba mhó. Dála an deontais bhunaidh, dhéanadh gnólachtaí ar spéis leo an deontas iarratas trína n-údarás áitiúil agus bhíodh orthu a bheith laistigh de chóras rátaí tráchtála an údaráis le bheith incháilithe⁸.


Idir an dá dheontas, ghlac údaráis áitiúla le 108,487 iarratas as líon iomlán de 122,185 iarratas a rinneadh. Íocadh €632,266,393 le gnólachtaí áitiúla san iomlán ar an dá dheontas.

Tábla 8 Líon na n-iarratas ar dheontais, iarratais ar glacadh leo agus an líon iomlán a bronnadh, Deontais Atosaithe 2020

Roimh COVID-19	Líon na n-iarratas ar Dheontais	Iarratais ar glacadh leo	An Méid Iomlán a bronnadh
Deontais Atosaithe	57,345	49,205	€194,974,399
Deontais Atosaithe Plus	64,840	59,282	€437,291,994
Iomlán	122,185	108,487	€632,266,393

⁷ Tuilleadh eolais ar <https://www.gov.ie/en/press-release/2bd283-government-approves-details-of-restart-grant-for-small-businesses/> [Arna rochtain ag 17-05-2022]

⁸ Tuilleadh eolais ar <https://www.gov.ie/en/press-release/a6ac3-restart-grant-plus-will-help-businesses-reopen-tanaiste/> [Arna rochtain ag 17-05-2022]



Figiúr 23 Suimeanna iomlána a d'foc gach údarás áitiúil le haghaidh Deontas Atosaithe agus Deontas Atosaithe Plus

Deontais do Ghnóthais Bheaga 2021

Sheol an rialtas an Scéim Cúnaimh do Ghnóthais Bheaga le haghaidh COVID (SBASC) i mí an Mhárta 2021. Chuir an scéim deontas €4,000 ar fáil do R1 de 2021, a bhí beartaithe chun cabhrú le gnólachtaí lena gcostais sheasta le linn an tsuaite eacnamaíoch a bhain le bearta sláinte poiblí COVID-19. Bhíodh sé ar fáil do ghnólachtaí le níos lú ná 250 fostaí ag obair dóibh agus láimhdeachas bliantúil idir €50,000 agus €25 milliún, a raibh laghdú de 75% nó níos mó tagtha ar a gcuid láimhdeachais. D'fhéadfadh gnólachtaí a lean leis na critéir a chomhlíonadh an dara gála dar luach €4,000 a fháil do R2 2021⁹.


I mí an Mheithimh, sheol an rialtas Céim 2 den scéim a raibh critéir cháilitheachta mhéadaithe ag baint léi. D'fhéadfadh gnólachtaí a bhíodh i mbun oibre ó áitribh neamh-inrátáilte cur isteach ar an deontas €4,000. Sheol Céim 2 SBASC+ freisin, deontas níos lú dar luach €1,000, a bhíodh ar fáil do mhicreaghnóthaí a mbíodh láimhdeachas idir €20,000 agus €49,999 acu má chomhlíonaidís critéir cháilitheachta eile¹⁰.

Tábla 9 Deontais do Ghnóthais Bheaga 2021 Líon na n-iarratas ar dheontais, iarratais ar glacadh leo agus an líon iomlán

		Iarratais ar Dheontais	Iarratais ar glacadh leo	An Méid Iomlán a bronnadh
R1-R2 2021	SBAC Deontas €4,000 =Láimhdeachas do Ghnóthais Bheaga: €50,000 - €25 milliún laghdú 75% ar láimhdeachas	8,513	5,155	€20 million +
R2 2021	SBAC+ deontas €1,000 =Láimhdeachas do Mhicroaghnóthaí: €20,000 -€49,999 laghdú 75% ar láimhdeachas	436	349	€349,000

⁹ Tuilleadh eolais ar <https://www.gov.ie/en/press-release/16d20-tanaiste-opens-applications-for-phase-1-of-8000-grant-under-new-small-business-assistance-scheme-for-covid-sbas/> [Accessed 17-05-2022]

¹⁰ Tuilleadh eolais ar <https://www.dublincity.ie/business/economic-development-and-enterprise/local-enterprise-office/small-business-assistance-scheme-covid> [Arna rochtain ag 17-05-2022]



Figiúr 24 Suimeanna iomlána a d'foc gach údarás áitiúil le haghaidh SBASC agus SBASC+

Conclúid

Ba mhórthionscnamh náisiúnta é an Tionscnamh Glao Pobail a d'fhéach le deimhin a dhéanamh de go raibh pointe lárnach teagmhála i ngach limistéar údaráis áitiúil, don iliomad tacaíochtaí agus seirbhísí a bhí ar fáil do dhaoine leochaileacha agus daoine a bhí scoite amach ar fud an Stáit. Ba léir go raibh údaráis áitiúla, agus a líonraí áitiúla, ar thús cadhnaíochta sa tionscnamh seo. Chuir gach údarás áitiúil línte gutháin tiomnaithe ar bun agus i dteannta a chéile, freagraíodh breis agus 70,000 glaoch ar thacaíocht idir Márta 2020 agus Meán Fómhair 2021. Chun comhordú éifeachtach a chinntiú, d'oibríodh údaráis áitiúla i gcomhar le páirtithe leasmhara trí fhóiraim phobail áitiúla, agus san iomlán thagadh na fóiraim sin le chéile 884 uair san iomlán chun bainistiú agus comhordú éifeachtach na seirbhíse a chinntiú.

Ina theannta sin, dearadh Feachtas Fan Folláin chun rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí a spreagadh agus chun aghaidh a thabhairt ar strus cuid mhaith den phobal agus ar an gcaoi a mbíodh cuid mhaith den phobal scoite amach. Bhíodh sé ar siúl ar feadh na chéad sé mhí de 2021, agus le linn an ama sin reáchtáilte údaráis áitiúla breis agus 10,000 imeacht agus ghlacadh beagnach milliún duine páirt sna himeachtaí sin. Tá achoimre bhreise ar ghnéithe aonair den fheachtas Fan Folláin le fáil i dTábla 10 thíos.

Agus iallach ar leabharlanna a ndoirse a dhúnadh, chonacthas leibhéil rannpháirtíochta nach bhfacthas riamh

cheana le linn na paidéime maidir le seirbhísí leabharlainne ar líne. Laistigh de dhá mhí ón gcéad díghlasáil i mí an Mhárta 2020, bhí an líon daoine a bhíodh ag féachaint ar cheachtanna ar líne ag an leibhéal ab airde ag 24,000 ceacht in aghaidh na seachtaine i gcomparáid le 3,000 ceacht in aghaidh na seachtaine roimh an bpaidéim. Faoi Mheitheamh 2020 bhí ag féachaint ar bheagnach 6 mhilliún alt nuachtáin in aghaidh na seachtaine i gcomparáid le níos lú ná 600,000 alt in aghaidh na seachtaine roimh Mhárta 2020. Tháinig méadú ar iasachtaí ríomh-chlosleabhar agus ríomhleabhar ó thuairim is 10,500 agus 7,500 in aghaidh na seachtaine roimh an bpaidéim, go dtí gur bhain sé an leibhéal ab airde ag beagnach 30,000 agus 25,000 iasacht in aghaidh na seachtaine, faoi seach, i bhFeabhra 2021. Ina theannta sin, bhí ag fáil beagnach 10,000 iris ar líne ar iasacht in aghaidh na seachtaine.

Thugtaí cúnamh airgeadais don lucht gnó trí dheontais agus tarscaoileadh rátaí a sholáthar. Ar an iomlán, tarscaoiltí breis agus €1.1 billiún i rátaí tráchtála agus sholathraí breis agus €630 milliún i bhfoirm Deontais Atosaithe nó Deontais do Ghnóthais Bheaga. Léirítear sna sonraí sa tuarascáil seo freagairt mhear na n-údarás áitiúil ar an bpaidéim. Cuireadh tionscnaimh i bhfeidhm go tapa, agus gabhadh sonraí a chuir ar chumas na hearnála a dtionchar agus a ndul chun cinn a rianú.

Tábla 10 Líon imeachtaí agus rannpháirtithe Fanacht Gníomhach, Scíth a Ligean agus Fanacht i dTeagmháil

	Fanacht Gníomhach	Scíth a Ligean	Fanacht i dTeagmháil	Iomlán
Imeachtaí	3,195	3,661	3,459	10,315
Rannpháirtithe	278,729	281,893	437,011	997,633

